2025/857

12.5.2025

CINNEADH ÓN gCÚIRT BHREITHIÚNAIS

an 1 Aibreán 2025

maidir le rialacha agus socruithe a bhaineann le craoladh na n-éisteachtaí a chur chun feidhme [2025/857]

TÁ AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS,

Ag féachaint don Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an 'Reacht' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint do na Rialacha Nós Imeachta, agus go háirithe Airteagal 80a díobh,

Ag féachaint do na treoracha cleachtais nua do pháirtithe maidir le cásanna arna dtabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais, agus go háirithe míreanna 66, 88 agus 89 díobh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ós rud é go gclúdaíonn dlí an Aontais réimsí atá ag méadú i gcónaí, tugtar os comhair na Cúirte Breithiúnais líon méadaitheach cásanna agus iarrtar uirthi cinntí a ghlacadh a mbíonn fíorthionchar acu go minic ar shaol laethúil shaoránaigh an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tá sé riachtanach tuiscint níos fearr ar ról na Cúirte agus a cuid gníomhaíochta a chur chun cinn agus rochtain níos leithne a áirithiú ar na saincheisteanna, ar na hargóintí agus ar na tuairimí a chuireann na páirtithe i láthair le linn na n-éisteachtaí agus ar thuairimí na nAbhcóidí Ginearálta agus ar na breithiúnais a thugann an chúirt.

(2) Cé gur cinnte gur modh idéalach é freastal ar éisteachtaí Cúirte chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní féidir a beith i láthair go fisiciúil ag éisteachtaí den sórt sin i gcónaí, mar gheall ar an taisteal atá i gceist nó ar chúiseanna eile a bhaineann, go háirithe, le staid phearsanta, eacnamaíoch nó airgeadais na ndaoine lena mbaineann. Is iomchuí, dá bhrí sin, leas a bhaint as na féidearthachtaí a chuireann an teicneolaíocht ar fáil agus foráil a dhéanamh maidir le héisteachtaí áirithe a chraoladh ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(3) I bhfianaise chineál ar leith na feidhme breithiúnaí agus, go háirithe, an gá atá le suaimhneas na ndíospóireachtaí a áirithiú le linn éisteachtaí pléadálacha, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na héisteachtaí seo agus na héisteachtaí chun tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta nó breithiúnais a thabhairt.

(4) Is gá freisin cineál an chraolacháin a dhéantar agus na socruithe maidir leis a shonrú, agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais um chosaint sonraí pearsanta, agus, ar an dara dul síos, na coinníollacha maidir le húsáid taifeadtaí físe ar éisteachtaí, atá nasctha leis an ngá atá le héifeacht phraiticiúil na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 80a(5) go (7) de na Rialacha Nós Imeachta a áirithiú.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Scóip an Chinnidh seo

1. Le forálacha an Chinnidh seo cuirtear Airteagal 80a de na Rialacha Nós Imeachta chun feidhme.

2. Baineann an Cinneadh seo le craoladh éisteachtaí ag a dtugtar breithiúnais na Cúirte Breithiúnais agus le craoladh éisteachtaí ag a gcuirtear Tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta i láthair. Tá feidhm aige freisin maidir le héisteachtaí pléadálacha a chraoladh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 80a de na Rialacha Nós Imeachta.

Airteagal 2

Éisteachtaí a chraoladh chun breithiúnais a thabhairt agus Tuairimí a chur i láthair

1. Déanfar tabhairt bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais agus cur i láthair Thuairimí a hAbhcóidí Ginearálta a chraoladh beo ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Institiúid'), an lá a bheidh socraithe don tabhairt nó don chur i láthair sin.

2. Déanfar an craoladh sa teanga a úsáideann an cainteoir chun an breithiúnas nó an Tuairim a thabhairt agus, de réir mar a bheidh, sa teanga nó sna teangacha eile atá ar fáil ag an éisteacht i gceist.

3. Mura gcinntear a mhalairt, beidh taifeadadh na n-éisteachtaí ina dtugtar breithiúnais nó Tuairimí fós ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.

4. Coimeádann an Chúirt an taifeadadh don chartlann agus don chumarsáid.

Airteagal 3

Éisteachtaí a chraoladh

1. Déantar éisteachtaí atá faoi réir atarchurtha a chraoladh ar shuíomh gréasáin na hinstitiúide ar bhonn moille.

2. Déanfar craoladh na héisteachta i dteanga an cháis agus sna teangacha go léir ar cuireadh ateangaireacht chomhuaineach ar fáil.

3. Gan dochar d'Airteagal 80a(6) agus (7) de na Rialacha Nós Imeachta, beidh an fístaifeadadh d'éisteachtaí arna gcraoladh ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide ar feadh míosa tar éis dheireadh na héisteachta. Tar éis na tréimhse sin, ní bheidh an taifeadadh ar fáil ar an suíomh a thuilleadh agus coimeádfaidh an Chúirt é chun cartlannú a dhéanamh.

4. Má mheasann páirtí dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht gur cheart fístaifeadadh éisteachta inar ghlac sé nó sí páirt a bhaint den suíomh gréasáin thuasluaite, cuirfidh sé nó sí an Chúirt Bhreithiúnas ar an eolas a luaithe is féidir, ag leagan amach na n-imthosca lena dtugtar údar maith le baint den sórt sin. Má ghéilleann an Chúirt Bhreithiúnas don iarratas, bainfear an taifeadadh atá i gceist ón suíomh gan mhoill. Féadfaidh an Chúirt taifeadadh a bhaint uaithi féin freisin, i gcás ina mbeidh údar maith leis sin de bharr imthosca an cháis.

Airteagal 4

Téarmaí maidir le craoladh éisteachtaí

1. Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, is craoladh iomlán a bheidh i gcraoladh na n-éisteachtaí a chumhdaítear leis an gcinneadh seo.

2. Cuirfear na rannpháirtithe in éisteacht os comhair na Cúirte atá le craoladh, cibé acu is páirtithe iad, daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nó aon duine eile, ar an eolas go cuí faoi chraoladh na héisteachta agus glacfar bearta, laistigh den seomra cúirte, chun bailiú íomhánna agus sonraí pearsanta a íoslaghdú. Dá réir sin, déanfar suíocháin áirithe, arna sainaithint go cuí, a eisiamh ó réimse radhairc na gceamaraí.

Airteagal 5

Cineál an chraolta agus coinníollacha úsáide fístaifeadtaí de na héisteachtaí

1. Ní hionann, in imthosca ar bith, éisteacht na Cúirte a chraoladh ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide agus taifead barántúil, tuarascáil oifigiúil nó miontuairiscí den éisteacht sin.

2. Tá ateangaireacht chomhuaineach ar na himeachtaí ag éisteachtaí, atá ar fáil de réir mar is gá, ceaptha chun cumarsáid a éascú ag éisteacht den sórt sin agus ní tuarascáil oifigiúil ar na himeachtaí í. Níl ach na focail a labhraítear sa seomra cúirte barántúil.

3. Forchoimeádtar gach ceart atáirgeadh ar fhístaifeadtaí a chuirtear ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Tá sé toirmiscthe mar sin éisteacht Cúirte a chraoltar ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide a thaifeadadh, a shábháil nó a íoslódáil, in aon fhoirm ar bith, go hiomlán nó go páirteach, cibé acu íomhánna nó fuaim, lena n-áirítear fuaim na mbealaí éagsúla ateangaireachta. Tá toirmeasc, freisin, ar éisteacht Cúirte a athchraoladh i bhfoirm ar bith, go hiomlán nó go páirteach.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 1 Aibreán 2025.

Cláraitheoir	*Uachtarán*
A. CALOT ESCOBAR	K. LENAERTS